
Articles

School of Culinary Arts and Food Technology

1994

Tuairiscí ón Ind agus ón Afraic

Máirtín Mac Con Iomaire

Technological University Dublin, martin.macconiomaire@tudublin.ie

Linda Byrne

National College of Art and Design, Ireland, byrnel@ncad.ie


Follow this and additional works at: <https://arrow.tudublin.ie/tfschafart>

 Part of the [Arts and Humanities Commons](#), and the [Tourism and Travel Commons](#)

Recommended Citation

Mac Con Iomaire, M. and L. Byrne (1994). Tuairiscí ón Ind agus ón Afraic. Comhar. Imleabhar 53, Uimhir 1, lth. 29-30, DOI: 10.21427/d7rn0k

This Article is brought to you for free and open access by the School of Culinary Arts and Food Technology at ARROW@TU Dublin. It has been accepted for inclusion in Articles by an authorized administrator of ARROW@TU Dublin. For more information, please contact arrow.admin@tudublin.ie, aisling.coyne@tudublin.ie, vera.kilshaw@tudublin.ie.



Tá Máirtín Mac Con Iomaire agus a chara, Linda Byrne, ag caitheamh bliana ag taisteal an domhain. Seo tuairisci a chuir Máirtín chugainn ón India agus ón Afraic:

Bás, Beatha agus Time Magazine

Is sa Roshan Villa Guest House i New Delhi a casadh orm é agus nach é a bhí sásta bheith ag dul abhaile! Bhí sé chun imeacht an lá dár gcionn ach ní bheadh sé ar a sháimhín só go mbeadh sé thusa san aer agus é ag eitilt ar ais chun na Beilge.

Ba é seo an séú cuairt dhá mhí a bhí tugtha aige ar an India agus bhí an tír go léir feicthe aige anois ar deireadh thiar. Ba i 1975 a thug sé a chéad chuairt ar an tír agus cosúil le go leor leor eile a chuaigh ansin sna seachtóidí thit sé i ngrá léi. Bhí na daoine cairdiúil, flaitheáil, spéisiúil, greannmhar agus thar a bheith fáiltiúil. Tír dhifriúil ar fad a chonaic sé an uair seo.

Thosaigh an turas go maith dó. Bhí sé ag taisteal le cailín a bhfuil sé mór léi. Chuadar beirt go Calcutta le linn túis na Monsún, áit a raibh na sráideanna faoi dhá throigh báistí, séarachais agus dramhaíle. Níor tháinig aon lagmhisneach orthu mar i lár na dileann chonaic siad an carthanas agus an dea-chroí a mhúsclaítear i ndaoine in am an gháitair. Casadh an Dr. Jacques orthu, dochúir Eorpach a d'iompaigh a dhroim ar fad leis an saol galánta a bhí aige chun dul ag obair le bochtáin Chalcutta. Thóg ár gcara go leor grianghráfanna den chlinic sráide a bhí bunaithe ag an dochúir le go bhféadfadh sé iad a úsáid chun airgead a bhailíú dó.

I Varnassi, cathair naofa abhainn na Ganges, fuair siad léiriú maith ar fhealsúnacht na nIndiaich faoin mbás. Tagann na mílte seanduine agus othar go Varnassi chuile blhain le bás a fháil. Deirtear go dtéann aon duine a adhlactar sa Ghanges díreach ar Neamh. Bhí ár gcara agus a chailín ag taisteal sráideanna cunga Varnassi i ricseá nuair a tháinig siad ar shochraíd. Bhí an corp fillte i mbráillín bhán ar chomhla adhmaid ar ghuallí seisear fear. Bhí na fir bogtha go maith tar éis bheith ag ól "bangla", an poitín áitiúil. Nuair a tháinig siad i gcóngar an ricseá scior triúr acu agus thit an corp isteach i mullach na beirte sa ricseá. Fágadh an corp ar ghlúine na beirte ar feadh dhá nóiméad ar a laghad agus an seisear fear lagtha ag gáire. Ansín d'ardaíodar leo an corp, thugadar a n-aghaidh ar an abhainn, agus thugadar cuireadh don bheirt chun na sochraide!

Lean siadsan an corp go bruach na Ganges go dtí an áit a raibh sé le dó. Cuireadh cual adhmaid os cionn a chéile, leagadh an corp ar a bharr agus cuireadh tulleadh adhmaid ar bharr an choirp. Dhoirt na gaolta "ghee" nó im leáite ar éadan an choirp agus tar éis dóibh dul timpeall an choirp trí huaire lasadar é. Bhí an bheirt ag breathnú ar an searmanas go ciúin.

Nuair a bhí an corp leathdhóite agus tháinig aon lagmhisneach orthu mar i lár na dileann chonaic siad an carthanas agus an dea-chroí a mhúsclaítear i ndaoine in am an gháitair. Casadh an Dr. Jacques orthu, dochúir Eorpach a d'iompaigh a dhroim ar fad leis an saol galánta a bhí aige chun dul ag obair le bochtáin Chalcutta. Thóg ár gcara go leor grianghráfanna den chlinic sráide a bhí bunaithe ag an dochúir le go bhféadfadh sé iad a úsáid chun airgead a bhailíú dó.

Is tar éis Varnassi a d'athraigh rudaí. Shocraigh an cailín filleadh ar Chalcutta agus cabhrú leis an Dr.

Jacques. Bhí an fear óg ag taisteal leis féin anois agus chuile áit a ndeachaigh sé bhí daoine ag iarraidh airgead a sciobadh uaith. Ag tochras ar a gceirtlín féin a bhí chuile dhuine a bhí cairdiúil leis. Thug dream amháin cuireadh dó brat urláir a cheannach i siopa a ndeartháir agus dream eile cuireadh dó fanacht in óstán a gcarad. Nuair a d'eitigh sé an dá dhream d'éiríodar an-ghráinna leis.

Thóg sé traein oíche go Cochin agus bhí sé ina luí i gceann de na leapacha uachtair. Bhí sé ag caitheamh toitín agus nuair a bhí sé caite aige chaith sé an nuta amach an fhuinneog. Ach tar éis cúpla nóiméad fuair sé boladh an dó. Bhí nuta an toitín tar éis séideadh ar ais isteach an fhuinneog agus seanádach leis an mbean a bhí sa leaba iochtair a chur trí thine. Cé gur éirigh lenár gcara an tine a mhúchadh tharla gleo agus rí-rá agus an chéad rud eile bhí gardaí ar an láthair. D'admhaigh an fear óg gurbh é a bhí ciontach agus thairg sé luach an éadaigh a chuíteamh leis an mbean, ach chuir na gardaí iallach air trí oiread luach an éadaigh a thabhairt di agus chuadar tríd a chuid páipéar go mion.

Chaith sé cúpla lá i gCochin áit ar thriail bainisteoir óstáin airgead a ghoid uaith. Chaill ár gcara a chiall agus thosaigh ag bualadh an bhainisteora. Ní raibh na gardaí i bhfad ag teacht agus tugadh ár gcara síos chuig an stáisiún. Chuardaigh siad a mhálaí, ag féachaint an raibh aon rud luachmhar iontu agus bhí fuitíos an domhain air go gcuirfidiós féin drugaí iontu. Nuair a tháinig siad ar na ceamaraí, dúirt sé leo gur iriseoir a bhí ann le Time Magazine. Bhí an t-ádh glan air, mar scanraigh sé sin iad agus ligearad leis láithreach.



Nuair a d'fhill sé ar New Delhi le bualadh lena chailín, ní raibh tásc ná tuairisc uirthi. Nuair a casadh ormsa é, bhí cúig lá caite aige ag fanacht léi agus gan tásc ná tuairisc fós uirthi. Bhí sé ag fágáil na tíre an lá dár gcionn agus bhí súil aige go mbeadh sí ag an aerfort roimhe. Tá suíl agamsa go raibh, freisin. ■

Míorúilt an Mara

Ní rabhamar ach cúig nóiméad ar an mbóthar nuair a stop Moses, ár dtiománaí, an mionbhús chun cúpla céad scilling a bhrú isteach i nglací Garda mhóir. Bhí muid ar bhruach chathair Nairobi agus ar ár mbealach go dtí an "Masai Mara". Is cosúil go raibh an Garda sásta leis an socrú airgid seo mar lig sé linn, ainneoin go raibh sé tar éis muid a stopadh faoi bheith ag taisteal ró-thapaidh. "Sin é nós na hAfraice" a duírt

Moses linn. Díoltóir bíoblaí a bhí sa seánfhear a bhí sa charr a bhí romhainn; shín sé cóip den Tiomna Nua chuig an nGarda agus dúradh leis bóthar a bhualadh.

Bhí drochbhóthar ceart romhainn. Cé go raibh ár ngluaisteán réitithe amach faoina chomhair le neart "shock absorbers" b' éigean dúinn stopadh chuile dhá uair a' chloig le sos a thabhairt do na boinn. Thosaíodh buachaillí óga an cheantair ag comhrá linn agus ag iarraidh airgead Éireannach orainn le cur leis an mbailiúchán a bhí acu ó thíortha eile. Ní fada go raibh ár gcuid sóinseála ar fad ón mbaile ídithe. Nuair a d'iarr mise boinn as Kenya orthu le cur le mo bhailiúchán féin is amhiaidh a thosaigh siad ag gáire fóm!

Shroicheamar an "Masai Mara" in am don lón. Páirc mhór mhillteach dúlra nádúrtha í seo, ar cómhéid le Cúige Mumhan. Síneann sí ó deas thar teorainn isteach sa Serengeti sa Tansáin. Is treibh an-ársa iad an Masai agus is leo an dúiche seo ar fad. Daoine arda, tanaí iad a iompraíonn iad féin go rioga agus a chaitheann maisiúchán ina gcuid cluas agus ina gcuid srón. Caitheann siad bráillíní dearga agus deirtear nach n-aithníonn na hainmhithe iad agus go bhfanann siad amach uathu. Feirmeoirí beastoic iad na Masaí agus ní mharóidh siad aon ainmhí fiáin ach amháin i gcás go n-iomsaítear a gcuid beithíoch féin.

Tá rogha bhreá lóistín sa *Mara*, idir óstáin ardnósacha agus láithreacha campála. D'fhan muide i gceann de na "Campaí Puball", an cineál campála is deise dá bhféadfa a dhéanamh. Pubaill bhúana atá iontu seo a bhfuil leapacha ceithre phosta iontu agus leithris atá déanta as marmar glas. Ba chosúil é le dul ar ais sa stair go dtí ré na gcoilíneach agus mheabhraigh sé an scannán "Out of Africa" dom. Eagraíonn lucht an lóistín "game drivers" trí huaire sa ló. Is le ceamara seachas gunna a dhéantar fiach ar na Safáiríocha seo.

Tar éis an lóin, chuamar amach i Land Rover le daoine as an Eilbhéis. Bhí súile an-ghéar ag an tiománaí agus bhí sé in ann ainmhí a thabhairt faoi deara agus é mile uainn. Is deacaí a mhíniú cé chomh

haoibhinn is atá sé bheith amuigh ar na bánta i lár na hAfraice, ag baint lán do shúl as a bhfuil de dhraiocht i do thimpeall, fiú amháin mura bhfuil ainmhí ar bith le feiceáil. Bhí sé d'ádh orainn an lá áirithe seo go bhfaca muid chuile ainmhí beo dá gcónaíonn ar an machaire álainn seo, beagnach.

Bhí sceitimíni dáiríre orainn nuair a tháinig muid ar ár gcéad Séabra agus Gaisil agus níorbh fhada go raibh bólacht mhór *Wilderbeest* agus Buabhall lenár dtaobh. B'álainn bheith ag tiomáint le taobh Sioráfanna agus iad ag rith go grástúil thart ar fiche mile san uair. Chonaic muid Liopard Fiaigh (*Cheetah*) i mbarr géag agus é ar foscadh ó theas na gréine. Bhí sé dochreidte bheith ibhfoisceacht deich dtroithe don ainmhí is sciobtha ar domhan.

An mhaidin dár gcionn, dúisíodh muid ar 5.30 agus bhí muid amuigh ar na bánta le héirí na gréine. Bhí muid faoi dhraiocht ag dathanna na spéire le maidneachan lae, agus an drúcht ag glioscarnach ar an bhfeári griandóite ar ár mbealach amach ó na campáí. Ní raibh muid i bhfad amach nuair a tháinig muid ar scata leon, ocht gcinn déag acu, idir shean agus óg. Bhí na coileáin óga ag iomrascáil le chéile agus na leoin mhóra ag ligean a scíth fós i bhfionnuaire na maidine, sular tháinig an brothall móir.

Is furasta dearmad a dhéanamh gur cuairteoir tú i ríocht seo na n-ainmhithe, agus tá contúirt i gcónaí ann mura mbíonn tú go síoraí ar an airdeall. Dá rachfá idir Srónbheannach agus a laoi, mar shampla, ní idir Dobhareach agus a pholl uisce ba dhuit ba mheasa. Tuigeann na tiománaithe an chontúirt agus bíonn siad fíorchúramach. Fós féin, maraítear turasóirí díchéillí ar an gcaoi seo san Afraic chuire bláthain.

Tá draiocht ag baint leis an Afraic agus mholfainn do dhuine ar bith atá ag iarraidh sos a thógáil ón domhan thiart dul ar Safáirí. ■

**Máirtín
Mac Con Iomaire**
(léaráidí le Linda Byrne)